



Foilsitheoir:

Institiúid Tamer um Oideachas Pobail
Bosca PO 1973 Ramallah-An Phailistín
Guthán: 02-2986121/2
Facs: 02-2988161
Ríomhphost: tamer@palnet.com
Suíomh Gréasáin: www.tamer.org

الناشر:

مؤسسة تامر للتعليم المجتمعي
ص.ب ١٩٧٣، رام الله - فلسطين
هاتف: ٠٢ ٢٩٨٦١٢١/٢
فاكس: ٠٢ ٢٩٨٨١٦١
البريد الإلكتروني: tamer@palnet.com
الموقع الإلكتروني: www.tamerinst.org

© جميع حقوق الطبع محفوظة للناشر.

لا يجوز إعادة طباعة الكتاب أو ترجمة أو نقل أجزاء منه بأي شكل من الأشكال إلا بإذن خطي مسبق من الناشر .

الطبعة الأولى بالعربية 2020

An Chéad Eagrán 2020

ISBN: 9789950270329

تم إصدار هذه القصص بدعم كريم من

Foilsithe le tacaíocht ó / Supported by



Dearadh/Design: Natalie Najjar

An Mheitheal Aistriúcháin: Araibis/Béarla/Gaeilge

Translation Team: Arabic/English/Irish

Mahmoud Abdel-Fattah (BZU)

Eithne O'Connell (OCBÁC/DCU)

Máire Uí Dhufaigh (Inis Oírr)

Eagarthóirí/Editors:

Máire Nic Mhaoláin

Gráinne Ní Ghilín

Scéalta ón
bPailistín
Sean agus Nua

قصص للأطفال من فلسطين

CLár Ábhair

| | |
|--------------------------------------|----|
| Trí Chomhairle | 6 |
| Amhránaí na Báistí | 16 |
| An Fáinne Sróine (Scéal Beidiúnach) | 26 |
| M'éide Scoile | 36 |
| An Ghiolcach Chineálta | 52 |
| Ag spraoi le Daid | 66 |
| A Mhamó, an dtiocfaidh tú ar cuairt? | 80 |



Trí Chomhairle

Scéal traidisiúnta

Athinste ag: Sharif Kana'na

Maisitheoir: Dima Abu Al-Haj



Fadó, fadó, bhí fear ina chónaí lena bhean chéile. Ansin bhronn Allah mac orthu. Bhí siad bocht agus bhí saol an-chrua acu. Arsa an fear lena bhean lá, ‘Tá mise chun taisteal i bhfad i gcéin. Beidh mé imithe ar feadh fiche bliain. Mura dtiocfaidh mé chugat ar ais tar éis fiche bliain, is féidir leat fear eile a phósadh.’

D’fhág an fear an teach agus bhuail sé bóthar. Nuair a bhí sé ag taisteal, casadh fear saibhir air, fear a raibh talamh agus stoc aige. D’oibrigh sé don fhear saibhir seo ar feadh fiche bliain. Nuair a bhí fiche bliain istigh, dúirt sé leis an bhfear saibhir, ‘Caithfidh mé dul abhaile anois chuig mo bhean chéile. Thug mé cead di fear eile a phósadh mura dtiocfainn ar ais tar éis fiche bliain. Tá an

fiche bliain caite agus caithfidh mé dul abhaile chuici.’

Theastaigh ón bhfear saibhir go bhfanfadh sé mar go raibh a chabhair go géar uaidh. Dhiúltaigh an fear eile, ag rá go gcaithfeadh sé dul abhaile chuig a bhean. Thug an fear saibhir trí lira óir dó. Mhínigh sé gur sin a raibh le tabhairt aige. Thug an fear céile a aghaidh abhaile ansin. Ar an mbealach chonaic sé seanfhear agus é suite ina aonar amuigh faoin spéir. D’fhiafraigh sé den seanfhear céard a bhí ar bun aige. ‘Ag díol comhairle atá mé,’ arsa an seanfhear. ‘Tá mé ag baint amach lira amháin ar gach comhairle a thugaim uaim.’

Rinne an fear eile a mhachnamh go ciúin. Shocraigh sé ansin ar chomhairle amháin a




cheannach. Bheadh dhá lira fós fanta aige. Chuir sé a lámh ina phóca agus thóg sé amach lira óir. Dúirt sé leis an seanfhear, ‘Cuir comhairle amháin orm ar an lira óir seo.’ Thóg an seanfhear an lira uaidh agus dúirt, ‘Má fheiceann tú abhainn faoi thuile, ná féach le dul trasna.’



Bhí an fear ag déanamh a mhachnaimh go ciúin ar feadh i bhfad. Ar deireadh, go drogallach, shocraigh sé ar chomhairle amháin eile a cheannach. Thóg sé amach an dara lira. Thug sé don seanfhear é agus d’iarr comhairle air. Thóg an seanfhear an dara lira agus dúirt, ‘Má fheiceann tú éin seilge ar foluain sa spéir thuas, faigh amach céard atá thíos fúthu ar an talamh.’ ‘Tá an tríú lira fós agam,’ a dúirt an fear leis féin

ansin. ‘Caithfidh mé a fháil amach céard é an tríú comhairle aige.’ Bhain sé an lira deireanach as a phóca agus thug don seanfhear é. ‘Má theastaíonn uait rud éigin a dhéanamh,’ a dúirt an seanfhear ansin, ‘ba cheart duit comhaireamh go dtí fiche a cúig sula ndéanann tú é.’

Ó tharla nach raibh aon airgead fanta ag an bhfear anois, d’fhág sé an seanfhear agus bhuail sé bóthar arís. Ar an mbealach, chonaic sé abhainn a bhí ag cur thar bruach. Chuimhnigh sé ar an gcéad chomhairle a cuireadh air agus shocraigh sé gan an abhainn a thrasnú. Shuigh sé agus rinne sé a mhachnamh. Chonaic sé fear ar dhroim capaill ag iarraidh an abhainn a thrasnú. Ba ghearr eile go raibh an marcach báite, ach tháinig an




capall slán ón abhainn. Léim an fear ar mhuin an chapail. Ar aghaidh leis ag marcaíocht le bruach na habhann nó gur shroich sé droichead sábháilte. Chuaigh sé trasna na habhann agus d'imigh roimhe.



Go gairid ina dhiaidh sin, chonaic sé éin seilge ar foluain sa spéir. Chuimhnigh sé ar an dara comhairle a cuireadh air. Chuaigh sé níos gaire chun a fháil amach céard a bhí ar an talamh faoin áit a raibh na héin ar foluain. Tháinig sé ar choirp triúr fear. D'oibrigh sé amach gur ghoid an triúr fear mála óir, agus gur mharaigh siad a chéile ansin agus iad ag troid faoin ór. Bhí an mála óir caite ar an talamh idir na coirp. Rug an fear ar an mála óir agus bhuail sé bóthar arís.








Tamall ina dhiaidh sin, shroich an fear a theach féin. Shíl sé breathnú isteach ar an bhfuinneog agus a fháil amach céard a bhí ar bun ag a bhean. Chonaic sé í ina suí ag an mbord in éineacht le fear a raibh a dhroim leis an bhfuinneog aige. Rug an fear céile ar a ghunna chun an bheirt a mharú ach díreach ansin chuimhnigh sé ar an tríú comhairle a cuireadh air.

Leag sé uaidh an gunna agus thosaigh ag comhaireamh: ‘A aon, a dó, a trí...’ Is ansin a chuala sé an fear istigh ag rá, ‘A Mháthair, is fear fásta anois mé. Ní raibh mé ach mí d’aois nuair a d’fhág m’athair muid. Tá sé thar am agam imeacht ar lorg m’athar.’ Isteach leis an bhfear céile ansin agus rug sé barróg ar a bhean agus ar a mhac.




Amhránaí na Báistí

Údar: Zakaria Mohammad
Maisitheoir: Dima Abu Al-Haj

I dtús aimsire, ní bhíodh an t-asailín ag canadh. Bhíodh sé i gcónaí ina thost. Chloisfeá gach neach beo eile ag canadh. Na daoine, na capaill, na coiligh, bhídís ar fad ag canadh. Ní bhíodh ina thost ach an t-asailín. Ní chloisfeá aon amhrán riamh ón asal beag. Chreid sé go raibh glór ar nós préacháin aige.

Chreid sé go mbeadh daoine ag magadh faoi dá n-osclódh sé a bhéal chun amhrán a chanadh. Mar sin níor oscail sé a bhéal chun amhrán a rá. Níor chan an t-asailín aon amhrán riamh ina shaol. Ach ba mhaith leis tabhairt faoi. ‘Bíonn gach neach seachas mise ag canadh,’ a dúirt sé de chogar leis féin.





‘Tá mise ag iarraidh m’amhrán féin, amhrán a chanfaidh mé sa bhuaile, sa chró agus ar an tsráid.’ Ach bhí an t-asailín róchúthail chuige sin.


Ag an am seo, bhí ganntanas uisce ag cur as don talamh, do na hainmhithe agus do na daoine. Ní raibh scamall sa spéir ná boladh uisce san aer. Cé gurbh é lár an gheimhridh é, d’fhan an ghrian






mar a bheadh liathróid tine ann thuas sa spéir.

Seo amach gach neach beo ag guí Allah báisteach a sheoladh chucu, agus ba ar an lá sin a chan an t-asailín den chéad uair. Tháinig misneach chuige. Chuir sé an náire agus an imní de. Sheas sé os comhair na ndaoine, na n-ainmhithe, na n-éan agus na bhfeithidí ar fad. D'oscail sé a bhéal mór agus chan! Cheap gach duine ar dtús gur amhrán faoi phian agus faoi fhearg, faoi thuirse, faoi fhoighne nó faoi chrúba tapa láidre a bheadh aige. Bhain an t-asailín siar astu uile



nuair a chas sé amhrán faoin mbáisteach.
Agus iad ag éisteacht leis, shamhlaigh an
slua braonta báistí ag titim go séimh ar a
n-aghaidh agus a srón á cuimilt ag clocha
sneachta. Amhrán chomh binn le cith báistí
a bhí aige. D'ardaigh an t-asailín a chosa





tosaigh, bhuail ar an talamh iad agus chan mar seo:

‘A Allah, aon chith amháin, le do thoil. Aon chith amháin. Is fada ó thit aon bháisteach.

Deich seachtaine gan aon bhraon báistí? Chan an t-asailín. Chan na coiligh in éineacht leis, agus glór breá láidir acu.

‘A Allah, aon bhraon amháin, aon bhraoinín amháin. Braoinín a d’ólfadh an caitín. Tá an t-uisce



gann, ná fág muid i sáinn.


A Thiarna, braon báistí amháin,
braon báistí amháin. Bolgaimín uisce
don asailín, braon báistí do na páistí.’


Thosaigh na páistí, na daoine fásta agus na
hainmhithe ag canadh. Tháinig misneach don
asal ansin agus seo mar a chan sé:

‘Báisteach don seandream, anuas, anuas ar
theach Dhaideo, uisce úr do Mhamó.’

Anuas leis an mbáisteach díreach ina
dhiaidh sin. Thit an bháisteach amhail
is dá mbeadh sí ag fanacht leis an
amhrán. Nach ar na daoine a
bhí an t-iontas nuair

a thosaigh sé ag stealladh!
Siúd leo ag gáire, ag ceiliúradh,
ag damhsa is ag canadh amuigh
faoin mbáisteach. Fliuchadh a gcuid
gruaige agus a gcuid srón. Fliuchadh
a gcuid éadaigh. Fliuchadh leabhair
agus cóipleabhair na leanaí. Ach
choinnigh siad orthu ag damhsa
agus ag ceiliúradh, iad buíoch
beannachtach as an mbáisteach!
Lena gcuid lámh, cheap siad an
t-uisce a bhí ag titim ina dhíle
agus d'ól siad é. Chaith na





páistí siar a gcloigeann. D'oscail siad a mbéal agus shlog siad na braonta móra báistí. D'ól na plandaí, d'ól na hainmhithe agus d'ól na héin. D'ól siad ar fad nó go raibh siad uilig subhach sách.

Dá bhrí sin, aon uair a bhíonn an bháisteach mall ag teacht agus tart ar gach rud beo, iarrtar ar an asailín a amhrán a rá. Chomh luath agus a chasann sé, tosaíonn an bháisteach. Mar gheall air seo, tugtar 'Amhrán na Báistí'

ar an amhrán agus tugtar ‘Amhránaí na Báistí’ ar an asailín. Uaireanta, ní thagann an bháisteach, faraor, agus bíonn na hasail bhochta cruógach ag obair. Ní bhíonn am acu a bheith ag canadh. Ansin caitheann na páistí aghaidheanna fidil a mbíonn cluasa fada orthu. Tagann siad amach as na tithe agus iad ag canadh:

‘A Allah, aon chith amháin, le do thoil. Aon chith amháin. Is fada ó thit aon bháisteach. Deich seachtaine gan aon bhraon báistí.’ Agus leis sin, titeann an bháisteach!



The illustration features a large, brown bear's head on the left, looking towards the right. A purple rabbit is shown in mid-air, jumping over a yellow banner that hangs from the bear's mouth. In the background, there is a colorful town with buildings and a brown horse standing on a hill. The overall style is whimsical and colorful.

An Fáinne Sróine


(Scéal Beidiúnach)

Athinste ag: Páistí Beidiúnacha Jahaline
Maisitheoir: Dima Abu Al-Haj

Bhí coinín ann fadó a raibh fáinne ina shrón aige. Lá dá raibh an coinín ag déanamh spraoi san úllord, chaill sé an fáinne sróine. Chuardaigh sé gach uile áit é ach níor aimsigh sé é.

Agus é fós ag cuardach, casadh sionnach ar an gcoinín. D'fhiafraigh an sionnach de céard a bhí sé ag cuardach. Nuair a d'fhreagair an coinín go raibh sé tar éis a fháinne a chailleadh, dúirt an sionnach go raibh an fáinne faighte aige féin.

Ach ní thabharfadh sé ar ais don choinín é, a dúirt sé, mura dtabharfadh an coinín uan dó. Chuaigh an coinín chun cainte leis an aoire agus dúirt, 'An bhfuil aon seans go bhféadfainn




uan a fháil uait?’ D’fhreagair an t-aoire, ‘Téigh ar dtús agus abair leis an madra go bhfuil coileán uaim.’



Chuaigh an coinín chun cainte leis an madra agus dúirt, ‘An bhfuil aon seans go bhféadfainn coileán a fháil uait le tabhairt don aoire? Ansin gheobhaidh mé uan uaidhsean le tabhairt don sionnach sa chaoi go bhfaighinn m’fháinne sróine ar ais.’

‘Tabharfaidh mé coileán duit agus fáilte,’ a dúirt an madra, ‘ach téigh ar dtús agus abair leis an mbó go bhfuil braon bainne uaim.’ Chuaigh an coinín chun cainte leis an mbó agus dúirt, ‘An bhfuil aon seans go bhféadfainn braon bainne a fháil uait le tabhairt don mhadra chun go bhfaighinn coileán uaithi le tabhairt don aoire, chun go mbeidh uan agam le tabhairt don sionnach, sa chaoi



go bhfaighinn m'fháinne sróine ar ais uaidh?’


‘Ní thabharfaidh, muise,’ a dúirt an bhó, ‘mura bhfaighidh tú eorna dom ar dtús ó lucht bainte an fhómhair.’

Agus mar sin, chuaigh an coinín chun cainte leis na buanaithe, lucht bainte an fhómhair, chun eorna a fháil uathu le tabhairt don bhó, chun go mbeadh bainne aige le tabhairt don mhadra, chun go bhfaigheadh sé coileán ón madra le tabhairt don aoire. Ansin bheadh uan ag an gcoinín le tabhairt don sionnach sa chaoi go bhfaigheadh sé a fháinne sróine ar ais uaidh. Ach dhiúltaigh lucht bainte an fhómhair eorna a thabhairt don choinín nó go dtabharfadh seisean uisce dóibh. Siúd leis an gcoinín chuig Tobar na Caillí gur tharraing sé uisce as, uisce a thug sé do lucht

bainte an fhómhair go bhfuair sé eorna uathu. Ansin, nuair a bhí an eorna tugtha aige don bhó, fuair an coinín bainne uaithi, bainne a thug sé don mhadra chun go bhfaigheadh sé coileán uaithise. Agus ar deireadh, thug an coinín an coileán don aoire go bhfaigheadh sé uan uaidh. Chuaigh an coinín chun cainte leis an sionnach agus dúirt, ‘Beatha agus sláinte chugat, a Shionnaigh. Féach, tá uan faighte agam duit. Tabhair m’fháinne ar ais dom anois.’ Nuair a bhí an fáinne faighte ar ais aige ón sionnach, bhí an coinín breá sásta leis féin agus chuir sé ar ais sa tsrón aige é.

Mharaigh an sionnach an t-uan agus nuair a bhí sé rósta aige, rinne sé féasta mór. Chuir sé fáilte roimh a ghaolta uilig agus roinn an bia go

fial flaithiúil ar gach éinne. Fágadh
neart feola i ndiaidh an fhéasta agus
chuir sé an fuílleach sin i bhfolach
i bpota mór agus d'fhág é gan ithe
go dtí maidin lá arna mhárach.
Ach nuair a dhúisigh sé, fuair
sé an pota folamh. Bhéic
sé in ard a chinn agus



d'fhiafraigh cé a d'ith an fheoil a bhí fágtha.

D'fhreagair na sionnaigh óga, 'Ní muidne a d'ith é.' Agus dúirt na gaolta an rud céanna. Theastaigh ón sionnach a fháil amach cé a d'ith an fheoil agus mar sin réitigh sé tine mhór adhmaid agus d'iarr ar gach uile dhuine léim thairsti. Dúirt sé nach dtitfeadh lucht déanta na fírinne isteach sa tine. Ach an té a d'ith an fheoil, a dúirt sé, thitfeadh na cnámha as a phócaí, agus é féin in éineacht leo, isteach sa tine.

Léim na sionnaigh óga uilig thar an tine
gan aon stró agus rinne na gaolta
mar an gcéanna, seachas
bean amháin a



bhí ag cur i gcéill gurbh aintín an tsionnaigh a bhí inti. Nuair a rinne sise iarracht an léim a thabhairt, thit cnámha an uain as a pócaí. Toisc an oiread a bheith ite aici, ní thiocfadh léi léim thar an tine. Is amhlaidh gur thit sí i mullach a cinn isteach sa ghríosach agus gur phléasc sí. Ba mhór an faoiseamh é seo dá raibh i láthair mar gur ghouleh nó arracht a bhí sa bhean i ndáiríre.


Sin é mo scéal agus dá mbeadh cónaí orm sa chónagar seachas a bheith go síoraí ag imeacht ó áit go háit, bheadh mála rísíní agam le roinnt oraibhse ach chuirfinn cuid acu ar leataobh chomh maith le bronnadh ar mo rún is mo ghrá geal.




A hand is shown holding a blue and white checkered paper fan. The fan is partially open, and the hand is positioned as if presenting it. The background is a solid teal color with a subtle texture. The overall style is artistic and illustrative.

M'Éide Scoile


Údar: Abla Toubasi
Maisitheoir: Khaled Jaradeh



Inniu an Aoine. Amárach an Satharn agus arú amárach an Domhnach. Ina dhiaidh sin, beidh an Luan ann agus an scoil ag tosú. Tá mise críochnaithe sa naíonra agus mé bliain níos sine anois. Dé Luain seo chugainn beidh méide scoile orm. Cuirfidh mé ribíní bána i mo chuid trilseán agus beidh mo mhála scoile agam ar mo dhroim, díreach ar nós mo dheirféar agus na gcailíní móra eile.



Mamaí a cheannaigh an éide scoile dom. D'iarnáil sí í agus chroch sí ar dhoras an chófra í. Nach mé a bhí sásta agus mé ag breathnú uirthi roimh dhul a chodladh dom agus tar éis dom dúiseacht ar maidin. Ní fhaca tú riamh aon rud chomh gleoite le méide scoile! Tá pócaí doimhne uirthi agus bóna leathan



bán a chniotáil mo mháthair le biorán cróise. Tá dhá
chorda as an mbóna agus chuir sí coirníní bána ar



nós péarlaí ar na cordaí. Tá Mamaí cumasach; tá a fhios aici cén chaoi le rudaí a dhéanamh.



Nuair a thriail mé orm méide scoile, cheap mé go raibh sí cineál mór agam. ‘Tá,’ a dúirt Mamaí, ‘chun go mbeidh slí fúithi le haghaidh éadaí geimhridh.’ Ansin nuair a dúirt mise go raibh sé beagán rófhada agam chomh maith, dúirt Mamaí, ‘Cén dochar? Crapfaidh an t-éadach ar ball.’ Tá Mamaí cliste. Tá a fhios aici gach rud.

Nach gleoite méide scoile agus í crochta os mo chomhair ar dhoras an chófra. Chomh maith leis sin, chuir Mamaí snas ar phéire bróg le mo dheirfiúr, bróga a bhí éirithe róbheag di siúd. Ba ghearr go raibh siad ar nós bróga nua. Ach nuair a chuir mé orm iad, cheap mé go





raibh siad róleathan agam. Cheannaigh Mamaí péire stocaí tiubha, bána, déanta as cadás. Nuair a chaith mé na bróga leis na stocaí tiubha, bhí siad níos fearr ach fós iad beagán róleathan. ‘Cén dochar?’ a dúirt mé le Mamaí. ‘Crapfaidh siad ar ball.’ Thosaigh Mamaí ag gáire. Rug sí barróg mhór orm agus thug sí póigín dom. Tá an-ghrá agam do Mhamaí.

Agus mé ag titim i mo chodladh, is ar m’éide scoile a bhí mé ag smaoineamh. Nach mé a bhí sásta go mbeadh sí orm ar maidin agus go mbeinn ag dul ar scoil le mo dheirfiúr agus a cairde. Ní bheadh sé ar nós a bheith ag dul chuig an naíonra, mé ag siúl le m’athair agus eisean i ngreim láimhe ionam, gan é sásta ligean de mo lámh go dtí go raibh muid ag an naíonra.


Oíche Dé Domhnaigh dhúisigh torann na



Bhí sé ina mhaidin arís. B'fhéidir gur thit mé i mo chodladh. Níl mé cinnte. Ach go tobann chuala muid glór ag teacht ón gcallaire: 'Yallah, yallah! Téigí ar fad abhaile. Yallah! Abhaile libh.' Suas an staighre linn ar nós na gaoithe. Chonaic muid ár gcomharsa, a mhac Hassan, a cheathrar iníonacha agus cuid eile de na comharsana ag dul isteach ina gcuid tithe féin. Ach ní raibh Daidí le feiceáil in aon áit.







Isteach linn sa teach, ach is ar éigean a d'aithin muid an teach s'againn féin! Bhí rudaí briste agus caite ar an talamh. Rís, siúcra, lintilí, ola, plúr agus molás trína chéile ar an urlár! Agus an teilifíseán! A leithéid de rud le tarlú. Bhí sé briste acu! Isteach liom ansin sa seomra s'againn féin. Chonaic mé go raibh doras an chófra tarraingthe de na hinsí agus an scáthán ina smidiríní. Is ansin a thug mé m'éide scoile faoi deara. Bhí m'éide ghleoite caite ar an talamh faoin adhmaid agus faoin ngloine bhriste. D'éirigh liom í a tharraingt amach ach bhí sí stróicthe. Agus ní raibh an bóna álainn bán le feiceáil in aon áit.

Thosaigh mé ag caoineadh go ciúin. Ach nuair a tháinig mo mháthair agus mo dheirfiúr isteach, gan aon tuairisc ar Dhaidí, thosaigh mé ag olagón agus ag béiceadh. 'Níl m'éide scoile ná mo Dhaidí agam

anois,' a dúirt mé. Ina dhiaidh sin, cheannaigh mo mháthair éide scoile nua dom. Rinne sí bóna bán a bhí fiú níos deise ná an chéad cheann. Agus ina dhiaidh sin, bhí cairde agam chun siúl in éineacht liom ar scoil, díreach mar a bhí ag mo dheirfiúr. Chuaigh mí go leith thart agus gan aon tuairisc faighte againn ar m'athair. Lá amháin tháinig bean nach raibh aon aithne againn uirthi go dtí an teach. D'inis sí dúinn go raibh sí tar éis a bheith ar cuairt ag a fear céile a bhí sa phríosún. D'iarr seisean uirthi teacht chomh fada linne agus a insint dúinn go raibh m'athair sa phríosún céanna agus gur sheol sé beannachtaí abhaile chugainn. Bhí a fhios againn faoi dheireadh cá raibh m'athair. Agus seans go mbeadh muid in ann é a fheiceáil go luath. Ach ag an am céanna, bhí muid trína chéile. Bhí m'athair sa



phríosún ach ní raibh a fhios againn cén fáth.

Nuair a scaoilfidh siad Daidí amach as an bpríosún, béarfaidh mise greim láimhe air. Ní ligfidh mé dá lámh nó go mbeidh an bheirt againn ag an scoil agus clog na scoile á bhualadh.




An Ghiolcach Chineálta

Údar: Yehia Yakhliif

Maisitheoir: Khaled Jaradeh






Thosaigh an ghaoth ag séideadh. Tharraing sí giolcach as an talamh agus shéid i bhfad as láthair í.

Bhí an ghiolcach an-éadrom agus í folamh ina lár. Sin an fáth a raibh an ghaoth in ann í a shéideadh go héasca ó áit go háit.


Bhreathnaigh an tslat ghiolcaí ina timpeall. Thug sí faoi deara go mbíonn torthaí blasta ar chrainn agus go gcanann na héin go binn. Chonaic sí go dtugann na haibhneacha uisce do na daoine agus go dtugann an bháisteach uisce do na plandaí.



Agus dúirt an tslat léi féin, ‘Tá gach rud sa saol ag déanamh maitheas de shaghas éigin. Ach amháin mise.’ Theastaigh ón tslat maitheas a dhéanamh freisin.







Tar éis tamaill, shéid an ghaoth isteach i bpáirc
í. Bhí feirmeoir ag treabhadh na páirce le damh.

Nuair a chonaic an feirmeoir an tslat ghiolcaí,
dúirt sé leis féin, ‘Is féidir liom an tslat sin a
úsáid chun an damh a bhualadh nuair a
stopann sé orm.’





Ba ghearr go raibh an tslat i lámha an fheirmeora. Bhí sí ag déanamh maitheas éigin anois. Ach fós ní raibh sí sásta. Ní raibh sí ag iarraidh pian a chur ar aon rud.

Thosaigh an ghaoth ag séideadh arís agus d'ardaigh sí an tslat léi go háit eile. Thit an tslat anuas díreach os comhair gaisteoir éan. Rug an gaisteoir éan ar an tslat agus dúirt, 'Amárach scoilfidh mé an tslat seo agus déanfaidh mé gaiste aisti.'

Bhí an tslat ghiolcaí míshásta arís. Níor theastaigh uaithi bheith mar phríosún ag aon éan. Ní raibh sí ag iarraidh aon dochar a dhéanamh.

Ach nuair a leag an gaisteoir an tslat ghiolcaí uaidh, d'ardaigh an ghaoth léi arís í.

Tar éis tamaill, scaoil an ghaoth anuas í díreach

os comhair slua páistí a bhí ag spraoi i gcearnóg an bhaile. Thosaigh na páistí ag spraoi leis an tslat. Bhí siad ag marcaíocht uirthi agus ag ligean orthu gur capall a bhí acu.

Bhí an tslat ghiolcaí breá sásta léi féin anois agus í ag déanamh maitheasa. Ach ba ghearr gur sheas duine de na páistí ar an tslat de thimpiste, agus briseadh í.

Bhí an tslat ghiolcaí trína chéile. Anois ó bhí sí briste, ní raibh sí ag déanamh aon mhaitheas. Ach nuair a d'imigh na páistí abhaile tháinig aoire an bealach. Chonaic sé an tslat bhrónach bhriste ar an talamh. Chrom sé agus thóg sé leis píosa amháin di.


Nuair a shroich an t-aoire an baile, fuair sé scian agus bharr sé dhá cheann na slaite go néata.



Ansin chuir sé poill ann. Agus taobh istigh d'uair
an chloig bhí an tslat ghiolcaí athraithe ar fad.
Gléas ceoil álainn a bhí anois ann!
Thóg an t-aoire suas an píopa nua ina lámh agus







chuir sé lena bhéal é. Ansin thosaigh sé ag casadh
ceoil go bríomhar, meidhreach. Bhí ríméad an
domhain ar an tslat ghiolcaí anois.

Ar deireadh thiar thall, bhí sí ag déanamh
maitheasa.



Ag Spraoi Le Daid

Údar: Safa' Amirah

Maisitheoir: Hanin Nazzal




Is innealtóir é m'athair,
innealtóir cliste. Tá go leor
peann aige, agus rialóirí.
Agus an t-uafás páipéir agus
deasc bhreá mhór.

Chomh luath in Éirinn agus a
bheireann sé ar a pheann agus a
thosaíonn sé ag tarraingt, deirimse,
'A Dhaid, an dtiocfaidh tú ag déanamh
spraoi liom?'

Is é an freagra a fhaighim, 'Ní fhéadfaidh mé
anois. Tá mé gnóthach.' Nuair a bhíonn sé réidh,
bím ag súil go dtiocfaidh sé chugam ansin le
dul ag spraoi liom. 'A Dhaid, an dtiocfaidh tú ag
déanamh spraoi liom?' a deirimse. 'Ní fhéadfaidh
mé anois. Tá mé tuirseach traochta,' a deir sé.





An illustration of a desk with a laptop, papers, and a plant. The desk is white and has a grey laptop on it. There are several papers scattered on the desk, some with Arabic text. A yellow ruler is on the left, and a green plant is on the right. The background is a dark green wall with a framed picture of a building and a framed map of Palestine.


Le titim na hoíche agus é suite síos ag íthe a dhinnéir, deirimse, ‘A Dhaid, an dtiocfaidh tú ag déanamh spraoi liom, le do thoil?’

‘Ní fhéadfaidh mé anois,’ a deir sé. ‘Tá ocras an domhain orm.’









Nuair a bhíonn an dinnéar ite aige, deirim liom féin, ‘Seans go dtiocfaidh sé anois.’

‘A Dhaid, an dtiocfaidh tú ag déanamh spraoi liom?’

‘Ní thiocfaidh,’ a deir sé. ‘Tá mé tugtha traochta anois.’ Titeann sé ina chodladh agus tosaíonn sé ag srannadh.

Croithim é agus deirim leis, ‘A Dhaid, an dtiocfaidh tú ag déanamh spraoi liom?’

‘Amárach,’ a deir sé agus é leath ina chodladh.

‘Amárach déanfaidh muid spraoi le chéile.’

Lá amháin, bhí m’athair ag scríobh leis nuair a thit sé ina chodladh ag a dheasc. Thóg mise an peann agus thosaigh mé ag tarraingt. Tharraing mé pictiúr dó de theach. Timpeall an tí tharraing mé bláthanna agus chuir mé crainn ann agus éin

iontu. D'úsáid mé pinn luaidhe dearga agus buí agus glasa.

Nuair a dhúisigh m'athair, lig sé béic as. Rinne mé miongháire agus rith mé uaidh. Ansin, seo leis i mo dhiaidh. Léim mé suas ar an gcathaoir. Léim seisean suas chomh maith. Isteach liom faoin gcathaoir. Isteach le m'athair i mo dhiaidh. Rith mé chomh fada leis an leaba agus lean seisean mé. Léim mé suas ar an leaba agus léim seisean i mo dhiaidh.

Nuair a shuigh mé síos ar deireadh, dúirt m'athair, 'An dtiocfaidh tú ag déanamh spraoi liom?'

'Ní fhéadfaidh mé anois,' a dúirt mé leis. 'Tá mé traochta.'









Thit mé i mo chodladh ar an leaba agus is dócha gur thosaigh mé ag srannadh. Chroith m'athair mé agus dúirt, 'An rachaidh tú ag déanamh spraoi liom?'

'Amárach,' a dúirt mé agus mé leath i mo chodladh.

'Rachaidh muid ag spraoile chéile amárach.'

A Mhamó, an dtiocfaidh tú ar cuairt?

Údar: Fathia Tabari

Maisitheoir: Hanin Nazzal

Ghlaoigh Eden ar a mamó. D'iarr sí uirthi teacht ar cuairt chucu. 'A Mhamó, an dtiocfaidh tú ar cuairt chugainn?' a dúirt sí.

'Tá go maith, a stór. Tiocfaidh mé ar do lá breithe.'

'Agus an mbeidh bronntanas agat dom?'

'Beidh cinnte, a stór. Beidh teidí agam duit, teidí agus trunc mór fada air.'

'Béar agus trunc air! Nach ar an eilifint a bhíonn trunc?'

'M'anam go bhfuil an ceart agat! Mo



leithscéal. Tabharfaidh mé eilifint liom, eilifint agus trunc fada agus dhá adharc fhada uirthi.’

‘Eilifint agus adharca uirthi? Nach ar an reithe a bhíonn adharca?’

‘Sea, sea. Mo leithscéal. Tabharfaidh mé reithe liom mar sin, reithe a bhíonn ag fógairt an lae.’


‘Dhera, a Mhamó, nach é an coileach a bhíonn ag fógairt an lae?’


‘Mo leithscéal.

Tabharfaidh mé coileach ceolmhar liom, coileach a bheireann uibheacha.’









‘Ach ní bheireann an coileach uibheacha, a Mhamó! An chearc a bheireann uibheacha.’

‘Ó, mo leithscéal. Tabharfaidh mé cearc liom, cearc a bheireann uibheacha agus a bhíonn ag tafann.’

‘Cearc ag tafann! Ach is é an madra a bhíonn ag tafann.’



‘Tá an ceart agat. Mo leithscéal. Tabharfaidh mé
madra mór liom, madra a bheireann ar
lucha.’

‘Ach, a Mhamó, is é an cat a bheireann
ar lucha.’

‘Tá an ceart agat. Mo leithscéal.’





Tabharfaidh mé cat liom, cat a itheann cairéid.’

‘Ag magadh atá tú! Is é an coinín a itheann cairéid.’

‘Tá an ceart agat. Tabharfaidh mé coinín liom,
coinín a itheann cairéid agus a bhfuil sciath ar a
dhroim aige.’

‘Dhera stop, a Mhamó! Ar dhroim toirtíse a
bhíonn sciath!’

‘Is fíor duit. Mo leithscéal.’




Tabharfaidh mé toirtís liom agus sciath ar
a droim agus neart scéalta agus seanchais
aici.’





‘Tá a fhios agat, a Mhamó, nach mbíonn seanchas
ag toirtís! Is agatsa, a Mhamó, a bhíonn na scéalta
agus an seanchas.’





‘M’anam gur fíor duit. Tabharfaidh mé Mamó
liom agus beidh neart scéalta agus seanchais aici.’

‘Déan, déan, le do thoil, mar tusa mo mhamó!’

Tionscadal Aistriúcháin Noor Ash Shams
(Tionscadal Aistriúcháin Pailistíneach-Éireannach um Litríocht do Pháistí)

Buíochas:

Tá Tionscadal Noor Ash Shams buíoch díobh siúd go léir in Ollscoil Birzeit, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Institiúid Tamer um Oideachas Pobail a rinne obair ar an leabhar seo. Gabhaimid buíochas freisin leis an Chomhlachas Trachtála Arabach Éireannach agus le gach duine a thacaigh leis an obair aistriúcháin agus le foilsíú agus dáileadh na scéalta Pailistíneacha agus Éireannacha seo do pháistí.

Tionscadal Aistriúcháin Noor Ash Shams
(Palestinian-Irish Children's Literature Translation Project)

Acknowledgments:

The Noor Ash Shams Project would like to thank the Arab-Irish Chamber of Commerce, Birzeit University, Dublin City University, Tamer Institute for Community Education, and all those who have supported the translation, publication and distributions of these Palestinian and Irish stories for children.

نور الشمس
مشروع ترجمة أدب الأطفال الفلسطيني الأيرلندي

شكر وتقدير
يتوجه فريق مشروع ترجمة أدب الأطفال الفلسطيني الأيرلندي بالشكر والتقدير لغرفة التجارة العربية الأيرلندية، وجامعة بيرزيت، وجامعة مدينة دبلن، ومؤسسة تامر للتعليم المجتمعي، ولكل من ساهم في دعم و ترجمة و تحرير و رسم و اصدار و توزيع هذا العمل.



